Torthaí Foghlama Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta

Oide

Snáithe Aontaitheach

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Luach agus tábhacht na tíreolaíochta • raon dhisciplín na tíreolaíochta • tábhacht dearcaidh thíreolaíoch agus ceisteanna tíreolaíocha • inoiriúnaitheacht agus inaistritheacht scileanna tíreolaíocha • smaointeoireacht agus scileanna tíreolaíocha, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le fiosrúchán agus teicneolaíochtaí geospásúla sa phleanáil agus cinnteoireacht eacnamaíoch, timpeallachta agus shóisialta	**A1** léirthuiscint a fháil do chineál, fairsinge agus luach na tíreolaíochta **A2** cur i bhfeidhm agus ról na smaointeoireachta agus scileanna tíreolaíocha sa saol réadúil a aithint
Príomhchoincheapa sa Tíreolaíocht **coincheapa lena n-áirítear:** • athrú le himeacht aimsire • idirghníomhaíochtaí • idirnaisc • impleachtaí • suíomh • patrúin • áit • cumhacht agus tionchar • próiseas • scála • dáileadh spáis • inbhuanaitheacht • córais • réigiún	**A3** tuiscint a thaispeáint ar phríomhchoincheapa na tíreolaíochta
Fiosrúchán agus scileanna tíreolaíocha • ceisteanna tíreolaíocha amhail Cén duine, Cén rud, Cén áit, Cathain agus Conas baineann an méid seo a leanas le fiosruithe tíreolaíocha: • ceist(eanna) taighde a cheapadh • pleanáil • bailiú sonraí • na sonraí a anailísiú • tátail a bhaint • torthaí a chur in iúl • measúnú agus machnamh	**A4** ceisteanna tíreolaíocha a cheapadh **A5** fiosrúcháin thíreolaíocha a phleanáil agus a dhéanamh
• taighde ag an deasc agus allamuigh, ceisteanna eiticiúla, sábháilteachta agus inbhuanaitheachta ina measc	**A6** taighde a dhéanamh ar shonraí agus faisnéis thíreolaíoch agus modheolaíochtaí cuí á n-úsáid
• sonraí agus faisnéis thíreolaíoch, lena n-áirítear: • sonraí príomhúla agus tánaisteacha • sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla • aerghrianghraif agus íomhánna satailíte • cineálacha éagsúla íomhánna • cineálacha éagsúla léarscáileanna ar réimse scálaí • tacair shonraí gheospásúla • graif, cairteacha agus staidreamh	**A7** sonraí agus faisnéis thíreolaíoch a anailísiú agus a shintéisiú ó réimse foinsí cuí
• éifeachtacht na bhfiosruithe tíreolaíocha, lena n-áirítear ceist(eanna) nó fócas an fhiosrúcháin, modheolaíochtaí agus foinsí	**A8** éifeachtacht an fhiosrúcháin thíreolaíoch a mheasúnú
• formáidí cumarsáide, lena n-áirítear léarscáileanna, graif, cairteacha, sceitsí, léaráidí, staidreamh, tacair shonraí gheospásúla	**A9** tuiscint, torthaí, conclúidí agus moltaí maidir leis an tíreolaíocht a chur in iúl go héifeachtach agus go heiticiúil
• ceisteanna eiticiúla lena n-áirítear feasacht chultúrtha	

Snáithe 1: An timpeallacht fhisiciúil

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Teicteonaic • tíreolaíocht dhomhanda plátaí litisféaracha • cineálacha teorainneacha plátaí: déanmhasach, claochlúcháin, scriosach • próisis lena n-áirítear sruthanna comhiompar, fodhuchtú, leathadh ghrinneall na farraige, foirmiú plátaí, agus tarraingt leaca • dhá shampla dhifriúla sliabhraonta, ceann amháin in Éirinn agus sampla idirnáisiúnta amháin	**1.1** míniú a thabhairt ar theicteonaic plátaí agus ar na próisis a thagann chun cinn ag cineálacha difriúla teorainneacha plátaí **1.2** scrúdú a dhéanamh ar fhoirmiú sliabhraonta trí phróisis fillte
• gníomhaíocht bholcánach agus na tírghnéithe a bhíonn mar thoradh uirthi • samplaí is infheidhme i suíomhanna Éireannacha agus idirnáisiúnta	**1.3** scrúdú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht bholcánach ag imill plátaí dhéanmhasacha agus scriosacha agus ag pointí te **1.4** tionchar eacnamaíoch, timpeallachta agus sóisialta gníomhaíochta bolcánaí i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas a iniúchadh
• thionchair dhearfacha agus dhiúltacha gníomhaíochta bolcánaí	
• cúiseanna agus éifeachtaí creathanna talún, cineálacha difriúla gluaiseachta plátaí ina measc	**1.5** plé a dhéanamh ar chúiseanna agus éifeachtaí creathanna talún i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas
• ullmhú agus freagairtí: gearrthéarmach agus fadtéarmach	**1.6** ullmhú do chreathanna talún agus freagairt orthu i suíomh amháin sa Domhan Thuaidh agus suíomh amháin sa Domhan Theas a mheasúnú

Timthriall na gcarraigeacha
• próisis thimthriall na gcarraigeacha a fhoirmíonn cineálacha éagsúla carraigeacha lena n-áirítear:
  • próisis ingineacha (meiteamorfacht, fuarú magma)
  • próisis eisigineacha (gníomhaíocht bholcánach, síonchaitheamh meicniúil agus ceimiceach, creimeadh agus litiú)
• suíomhanna in Éirinn do gach cineál carraige
	1.7
	breac-chuntas ar an gcaidreamh idir timthriall na gcarraigeacha agus foirmíocht charraige

Próisis dromchla • timpeallachtaí fisiciúla: timpeallacht abhann, timpeallacht chósta agus timpeallacht oighreach • dhá straitéis bainistíochta: **- straitéis bainistíochta tuilte amháin** **- straitéis bainistíochta cósta amháin**	**1.8** an chaoi a n-imríonn próisis gheomoirfeolaíocha an chreimthe, an iompair agus an tsil-leagain tionchar ar thimpeallachtaí fisiciúla in Éirinn a anailísiú **1.9** plé a dhéanamh ar straitéisí bainistíochta tuilte agus cósta in Éirinn

An t-atmaisféar agus an aimsir
• na cúig scair (trópaisféar, strataisféar, méisisféar, teirmisféar, eisisféar)
• foirmiú córas ardbhrú agus lagbhrú (lena n-áirítear stoirmeacha):
  • dáileadh éagothrom grianradaíochta
  • cúrsaíocht dhomhanda an atmaisféir (iarmhairt Coriolis)
• saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú: teocht, frasaíocht agus gaoth
	1.10
	cur síos a dhéanamh ar struchtúr scaireach atmaisféar an Domhain
	1.11
	foirmiú agus saintréithe córas ardbhrú agus lagbhrú a bhfuil baint acu le hÉirinn a anailísiú

Aeráid • criosanna aeráide, criosanna trópaiceacha, measartha, ilchríochacha, polacha agus tura san áireamh • tionchar na haeráide ar ithreacha, flóra agus fána	**1.12** sainaithint criosanna aeráide éagsúla **1.13** an tionchar a bhíonn ag an aeráid ar shaintréithe bhithóm fhoraois bháistí measartha na hÉireann a anailísiú

• tionchar ar thimpeallachtaí fisiciúla agus daonna lena n-áirítear:
  • tírdhreacha reoite atá ag leá: oighearshruthanna, oighearchaidhpeanna agus talamh síorshioctha
  • cúrsaíocht aigéanach
  • arduithe ar leibhéal na farraige
  • tarluithe adhaimsire
  • cleachtais feirmeoireachta
  • imirce de bharr na haeráide
• samplaí Éireannacha agus idirnáisiúnta de gach tionchar infheidhme
	1.14
	iiniúchadh a dhéanamh ar na héifeachtaí ón athrú aeráide ar thimpeallachtaí fisiciúla agus daonna

• freagairtí lena n-áirítear:
  • comhaontuithe idirnáisiúnta
  • maolú lena n-áirítear gabháil carbóin agus laghdú ar astaíochtaí gas ceaptha teasa
  • oiriúnú atá dírithe ar leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú, lena n-áirítear córais réamhrabhaidh, agus bonneagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide
• samplaí Éireannacha, idirnáisiúnta agus domhanda i gcás gach freagra infheidhme
	1.15
	scrúdú a dhéanamh ar na freagairtí ar an athrú aeráide domhanda

Snáithe 2: An timpeallacht dhaonna

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Lonnaíocht an duine • lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha in Éirinn, lena n-áirítear samplaí áitiúla • fianaise ar shuíomh, cás agus feidhm lonnaíochtaí i logainmneacha Gaeilge	**2.1** cur síos ar conas is féidir lonnaíochtaí daonna a shainmhíniú de réir suímh, cáis agus feidhme
• dáileadh lonnaíochtaí tuaithe, lonnaíocht líneach, scaipthe agus chnuasta san áireamh • tosca fisiciúla agus daonna, lena náirítear ithir, draenáil, fóirithint, iompar agus seirbhísí eile, cóngaracht do lonnaíochtaí eile	**2.2** na tosca a théann i bhfeidhm ar dháileadh na lonnaíochtaí tuaithe in Éirinn a mhíniú
• freagairtí inbhuanaithe, lena n-áirítear straitéisí pleanála ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, agus tionscnaimh phobalbhunaithe	**2.3** freagairtí inbhuanaithe a phlé maidir leis na dúshláin atá roimh lonnaíochtaí tuaithe in Éirinn
• tosca a imríonn tionchar ar fhorbairt uirbeach: pleananna forbartha, fostaíocht, domhandú, soláthar seirbhíse	**2.4** na tosca a théann i bhfeidhm ar fhorbairt uirbeach a mhíniú
• tionchar na forbartha uirbí ar uaisliú, úsáid talún, timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha agus soláthar seirbhíse, agus sraoilleáil uirbeach • freagairtí lena n-áirítear caomhnú, athnuachan, athfhorbairt, éiceachathracha agus cathracha cliste	**2.5** freagairtí a phlé maidir le tionchair na forbartha uirbí i gcathair amháin de chuid na hÉireann
Daonra agus imirce • tosca lena n-áirítear coimhlint, cultúr, bia, comhionannas inscne, sláinte, tírdhreach fisiciúil agus acmhainní nádúrtha	**2.6** cur síos a dhéanamh ar thionchar tosca difriúla ar mhéid agus dáileadh an daonra in Éirinn agus i dtír amháin eile sa Domhan Theas **2.7** scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe struchtúr an daonra in Éirinn, lena n-áirítear a suíomh áitiúil, agus i dtír amháin sa Domhan Theas
• tosca a imríonn tionchar ar rátaí beireatais agus ar an aosú, comhionannas inscne, imirce agus bánú na tuaithe	**2.8** tionchar athrú an daonra a anailísiú in Éirinn, lena n-áirítear a suíomh áitiúil, agus i dtír amháin sa Domhan Theas
• tosca lena n-áirítear an stair choilíneach, coimhlint, an t-athrú aeráide, cultúr, déimeagrafaíocht, geilleagar, agus beartas rialtais	**2.9** na tosca a imríonn tionchar ar an imirce idirnáisiúnta a phlé
• Éire mar thír ghlactha agus tír bhronntach • tionchair lena n-áirítear caidrimh phobail, éagsúlacht, fostaíocht, soláthar seirbhíse agus seoltáin	**2.10** tionchair na himirce in Éirinn, lena n-áirítear a suíomh áitiúil, a mhíniú

Snáithe 3: An timpeallacht dhomhanda

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas:	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Talmhaíocht agus iascaigh • tosca eacnamaíocha, timpeallachta agus sóisialta a imríonn tionchar ar an talmhaíocht • cleachtais talmhaíochta a bhíonn ag athrú, lena n-áirítear diansaothrú, cuir chuige orgánacha, táirgeadh bia uirbeach, agus úsáid teicneolaíochta	**3.1** scrúdú a dhéanamh ar thábhacht agus nádúr athraitheach na talmhaíochta in Éirinn
• athruithe sa tionscal iascaireachta: forbairt dobharshaothraithe, iascaigh intíre agus caomhnú • beartais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le talmhaíocht agus iascaigh	**3.2** athruithe sa tionscal iascaireachta in Éirinn a fhiosrú **3.3** tionchar bheartais an Aontais Eorpaigh ar an talmhaíocht agus ar iascaigh in Éirinn a phlé
An Turasóireacht • nithe is díol spéise do thurasóirí • bonneagar turasóireachta • patrúin agus treochtaí lena n-áirítear an líon cuairteoirí agus ioncam	**3.4** patrúin agus treochtaí a bhaineann leis an turasóireacht in Éirinn a anailísiú
• tionchair dhearfacha agus dhiúltacha na hollturasóireachta maidir leis an eacnamaíocht, an timpeallacht agus an tsochaí	**3.5** iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt agus tionchair na hollturasóireachta i suíomh cósta Meánmhara amháin
Domhandú • tosca a imríonn tionchar ar an domhandú: teicneolaíocht dhigiteach, airgeadas, taighde agus forbairt, beartais chánach agus iompar	**3.6** tosca a bhfuil tionchar acu ar an domhandú a fhiosrú
• deiseanna agus dúshláin a thagann chun cinn le ceithre shaoirse an Aontais Eorpaigh (saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil, agus saothair)	**3.7** ceithre shaoirse an Aontais Eorpaigh a anailísiú
• tosca lena n-áirítear rochtain ar bhonneagar agus seirbhísí, margaí, saolré táirge, amhábhair, lucht saothair oilte, beartais maidir le trádáil agus cánacha	**3.8** iniúchadh a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar shuíomh Corparáide Ilnáisiúnta (CIN) amháin in Éirinn
Cúnamh forbartha agus comhoibriú • cuir chuige lena n-áirítear Caomhnaitheacht, Nuachóiriú agus Forbairt Inbhuanaithe	**3.9** breac-chuntas a thabhairt ar chuir chuige chun forbairt a mheasúnú agus a thomhas
• bearta lena n-áirítear an Olltáirgeacht Intíre (OTI), an tOllioncam Náisiúnta (OIN), an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) agus an tInnéacs Forbartha de réir Inscne (IFI)	**3.10** an chaoi a n-imríonn tosca éagsúla tionchar ar ghnéithe IFD in Éirinn agus tír amháin eile sa Domhan Theas a anailísiú
• gnéithe an IFD (saol fada agus folláin, eolas agus caighdeán maireachtála fónta) • tosca lena n-áirítear an t-athrú aeráide, stair choilíneach, coimhlint agus síocháin, fiacha agus trádáil, beartais rialtais, agus tírdhreach fisiciúil	
• cúnamh daonnúil mar fhreagairt ar ghéarchéim dhaonnúil amháin • comhoibriú forbartha thar lear i dtír amháin sa Domhan Theas	**3.11** scrúdú a dhéanamh ar chúnamh daonnúil Rialtas na hÉireann agus a chlár comhoibrithe maidir le forbairt thar lear
An Gheopholaitíocht • an gheopholaitíocht mar idirnasc idir an tíreolaíocht, an déimeagrafaíc, an eacnamaíocht, an timpeallacht agus an pholaitíocht	**3.12** coincheap agus ábharthacht na geopholaitíochta a fhiosrú
• tionchar sárchumhachtaí: cumhacht chrua agus cumhacht bhog	**3.13** breac-chuntas a thabhairt ar shárchumhachtaí sa gheopholaitíocht
• aighneas críche geopholaitiúil: ar talamh, ar muir nó san aerspás	**3.14** aighneas críche geopholaitiúil a iniúchadh
• na gníomhaithe atá páirteach san aighneas críche roghnaithe • cúiseanna, tionchair agus freagairtí molta nó curtha i gcrích maidir leis an aighneas críche roghnaithe	

CC BY NC